1. Conas is féidir liom iarratas a chur isteach ar Nasc le hAghaidh Uisce Stoirme?

Ní mór duit foirm iarratais ar Nasc le haghaidh Uisce Stoirme a chomhlánú. Ina theannta sin, ní mór duit foirm iarratais ar Cheadúnas Oscailte Bóithre a chomhlánú. Is féidir na foirmeacha sin a fháil ó:

a) suíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Chorcaí
www.corkcity.ie
b) An Rannóg Seirbhísí Uisce
Teil: 021 4924178
c) An Deasc Fáiltithe
Halla na Cathrach
Corcaigh.

2. An bhfuil níos mó ná cineál amháin naisc Uisce Stoirme ann?

Tá

(a) Is féidir leat nasc a chruthú go díreach leis an bpríomhlíonra Uisce Stoirme le nasc diallaite. Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí an cineál seo Nasc Uisce Stoirme.

(b) Is féidir leat do shocruithe féin a dhéanamh le conraitheoir chun nasc a chruthú le dúnpholl poiblí. Ní mór duit cead a fháil ón Rannóg Seirbhísí Uisce sula ndéantar aon obair/ nasc ar dhúnpholl poiblí.

(c) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le dúnpholl nua ar an bpríomhlíonra i gcúinsí áirithe. Ní mór cead a iarraidh roimh ré ón Rannóg Seirbhísí Uisce.

3. Conas a bheidh a fhios agam cén cineál Naisc Uisce Stoirme a theastaíonn uaim?

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Teicneoir ag (021) 4924280 chun sonraí a fháil.

4. An bhfuil costas ar Nasc Uisce Stoirme?

Seo a leanas an sceideal táillí chun nasc a dhéanamh leis an bpríomhlíonra Uisce Stoirme [(a) thuas]

Uaireanta Oibre	Táille
Luan-Déardaoin 9rn-5in Dé hAoine 9rn-3.30in	€235
Lasmuigh de na huaireanta thuas	€470

4. An bhfuil costas ar Nasc Uisce Stoirme? (Ar Lean)

Má dhéanann tú nasc le dúnpholl nó má chruthaíonn tú dúnpholl nua [dá dtagraítear in (b) agus (c) thuas]: Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí cigireacht ar an nasc nuair a bheidh sé curtha i gcrích.

Uaireanta Oibre	Táille
Luan-Déardaoin 9rn-5in Dé hAoine 9rn-3.30in	€235

5. Cén obair is gá dom a dhéanamh?

Nasc leis an bpríomhlíonra Uisce Stoirme [dá dtagraítear in (a)]:
Is ortsa atá an dualgas an príomhlíonra uisce stoirme a nochtadh sula dtagann foireann Chomhairle Cathrach Chorcaí amach.
Ní mór duit píobán nasctha a leagan chuig an bpríomhlíonra uisce stoirme poiblí agus feistis diallaite oiriúnacha a chur ar fáil.

6. An bhféadfadh aon táillí breise a bheith ann?

Beidh Ceadúnas Oscailte Bóithre riachtanach le haghaidh gach tochailt ar thalamh poiblí. Tá táille bhreise ina leith. Tá na treoirlínte le haghaidh Ceadúnas Oscailte Bóithre ceangailte.

7. Conas is féidir liom láthair an Phríomhlíonra Uisce Stoirme a aimsiú?

Is féidir leat coinne a shocrú d'fhonn na líníochtaí taifid a fheiceáil trí theagmháil a dhéanamh lenár dteicneoir ar Theil: 021 - 4924280.

8. Cad a tharlaíonn nuair a chomhlánaím an fhoirm iarratais?

Is féidir leat d'fhoirm iarratais chomhlánaithe ar Nasc Uisce Stoirme, an fhoirm iarratais ábhartha ar Cheadúnas Oscailte Bóithre agus na táillí a chur ar ais chuig An Deasc Fáiltithe, Halla na Cathrach, Corcaigh nó seol sa phost é chuig An Rannóg Seirbhísí Uisce, Halla na Cathrach, Corcaigh. Déanfar d'fhoirm iarratais ar Cheadúnas Oscailte Bóithre a chur ar aghaidh ansin chuig an Rannóg Rialaithe Bóithre a bheidh i dteagmháil leat faoin ábhar céanna in am trátha. Ní dhéanfar aon obair go dtí go bhfaighfear Ceadúnas Oscailte Bóithre.

TABHAIR FAOI DEARA: Ní ghlacfar le foirm iarratais ar Nasc Uisce Stoirme mura bhfuil iarratas ar Cheadúnas Oscailte Bóithre ceangailte léi.

TÁBHACHTACH Ní mór Foirmeacha Comhlánaithe a sheoladh isteach 3 seachtaine ar a laghad sula mbeidh gá leis na hoibreacha. Ní mór iarratais óna dteastaíonn tochailt bhóthair 5m2 agus os a chionn a sheoladh isteach 8 seachtaine ar a laghad sula mbeidh gá leis na hoibreacha.

9. Conas a bheidh a fhios agam cathain a bheidh an obair curtha i gcrích?

Nuair a bheidh Ceadúnas Oscailte Bóithre faighte agat, gheobhaidh tú dearbhú i scríbhinn ón Rannóg Seirbhísí Uisce maidir leis an dáta agus an t-am a dhéanfar an Nasc Uisce Stoirme a thabhairt chun críche.

10. Cad a tharlaíonn nuair a dhéantar an Nasc Uisce Stoirme a thabhairt chun críche?

Is faoin iarratasóir é an bóthar a tochlaíodh a chur chun feidhme in athuair ar bhonn buan chun sástacht Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Uimhreacha Teileafóin Úsáideacha

An Rannóg Seirbhísí Uisce
Halla na Cathrach
Corcaigh
Teil: 021 4924178

Oifig Teicneoirí Seirbhísí Uisce (Draenáil)
Halla na Cathrach
Corcaigh
Teil: 021 4924280

An Rannóg Rialaithe Bóithre
Halla na Cathrach
Corcaigh
Teil: 021 4924277

An Rannóg Pleanála
Navigation House
Cé Ailbhe
Corcaigh
Teil: 021 4924086

COMHAIRLE
CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

TREOIR MAIDIR LE NASC UISCE STOIRME

Halla na Cathrach, Corcaigh.
Suíomh Gréasáin: www.corkcity.ie